

BÓDLÉAR

Rómáns



DARACH Ó SCOLAÍ

An Chéad Eagrán 2024
© Darach Ó Scolaí 2024
ISBN 978-1-913814-65-6

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí CLPrint

Tá an t-údar buíoch den Chomhairle Ealaíon as an sparánacht a bhronn siad air agus é i mbun pinn.



Foras na Gaeilge

Táimid buíoch d'Fhoras na Gaeilge as maoiniú a chur ar fáil do Leabhar Breac.



Táimid buíoch den Chomhairle Ealaíon as maoiniú a chur ar fáil do Leabhar Breac.

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

Caibidil a hAon

Ar an gcósta thiar, ar ghiodán talún crochta idir sliabh is cladach a mhaireann muintir an Bhaile Bhig — fir farraige a bhaineann an féar sa bhfómhar, fir sléibhe a sheolann luchtanna móna thar sáile, agus mná a bhfuil gearradh is feannadh iontu. Míle bóthair soir siar atá idir dhá cheann an bhaile, trí bhuille sciatháin ó mhullach sléibhe go hÍochtar trá. Ar an gcladach: an leathbhád is na gleoiteoga feistithe sa gcéibh, curacha béal fúthu ar an muirbheach, eangach crochta ar an glaí. Sna garrantaí gainmheacha ar dhá thaobh an bhóthair: iomairí fataí. Teach an phosta ar an gcrosbhóthar. An séipéal, teach an tsagairt, agus teach na scoile ar an mbóthar ard. Tithe beaga ceann tuí ina gceann is ina gceann agus ina bpéirí: cearca is lachain ar an tsráid, na bainbhíní le binn. Beithígh sna garrantaí, coirce is eorna. Féar sna garrantaí arda. Agus as sin suas go mullach: portaigh, criathrach, agus caoirigh.

Agus go deimhin, cé gur cam corrach an cosán suas é, is fiú an t-anró é ar mhaithe leis an radharc ó dheas. Is ann, an mhaidin bhreá seo, ar an mullach is airde suas, a bhí malrach seang buí faoi mhullach catach fionnbhán, cóitín glas preabánach go glúine air, agus é ina sheasamh cosnochta ar mhoghlaeir. Ag fosaíocht ar chaoirigh a bhí mo bhuachaillín bán, agus ó bhí comhaireamh is athchomhaireamh déanta aige orthu, agus é sásta go rabhadar go léir ann, thug sé féachaint thar an bhfraoch

amach ar an bhfarraige agus ar an tír Mhuimhneach ar fhíor na spéire le súil arís go bhfeicfeadh sé na críocha draíochta sin níos faide ó dheas. Os ard, d’ainmnigh sé as a chuimhne iad, óir ba bhinn leis a n-ainmneacha go léir, “Luimneach na nEach agus Corcaigh na gCuan, Carraig an Ime agus Cromadh an tSubhachais, Mainistir na Féile agus Daingean na Cúise, agus níos faide ó dheas, Páras Dé is Saint Germain-au-Lait.” Bhioraigh sé a shúile agus chonaic seol aonair ar bhun na spéire. Bhreathnaigh arís. Lig béic.

Fear a bhí ag gróigeadh móna a d’fhreagair an bhéic. Cailín ar buaile a d’fhreagair é siúd. Béic eile i ngort sailí, gártha macnais i ngarraí cabáiste, agus mar sin de síos gur tosaíodh ar chlog an tséipéil a bhualadh. Aniar de sciotar as teach na scoile le haircín beag sagairt, a mhaide siúil beartaithe aige, a mhéar in airde. “Na bithiúnaigh!” ar seisean. “Fan go dtéifidh mise a gcosa dóibh!” Bhí dordán deireadh an chloig ag imeacht ina sheabhrán ar an aer agus scata buachaillí ag éalú tríd an reilig agus iad ag gárthaíl go fiáin.

D’éirigh sean-Cháit aniar as a leaba. Amach ar an tsráid léi, a seál ag clúdú a náire, a lorgaí loma nocht, a liobar bán gruaige in aimhréidh. Thug sí súil ó dheas. “Sin í bád Mharcais amuigh ar an domhain, a Athair,” ar sise. “Beidh sé ina phléaráca anocht!” Ach bhí an sagart imithe le fána an bhóthair síos i dtreo an tséipéil faoin am seo, a chosa beaga ag rith uaidh.

Go deimhin, is ag sean-Cháit a bhí an ceart. Bhí bád Mharcais ag teacht aneas le cóir, an ghrian ag soilsiú na dtonnta ar gach taobh di, na garrantaí glasa ag beannú go fáilteach roimpi, stéibh d'amhrán á casadh agus a seol mór á stríocadh.

Ar an gcéibh, bhí gasúir na n-ar-dranganna á gcóiriú ina dhá líne — a bhfolt fliuch cíortha go cúramach ar na buachaillí, troisleáin theanna ar na cailíní. Dhruid an bád le caladh agus thug an mháistreás spléachadh thar a gualainn amach uirthi le súil go bhfeicfeadh sí an máistir scoile. Ní i measc na bhfear chun tosaigh a bhí an Máistir Beartla, ach thiar chun deiridh, é cromtha thar an tslat boird agus é ag stánadh ar an sáile ag éalú uaidh sa marbhshruth. Theann an bád le balla, ligeadh béic, agus caitheadh téad i dtír. Thug an mháistreás nóta ceoil do na gasúir — rith cailín beag le breith ar an rópa — agus cuireadh tús stadach leis an amhrán:

*Déd' bheatha-sa, a ógáin álainn,
a sheoid bhreá bháin an tsaoil!
Atá ag teacht led' chléibhín blátha,
Déd' bheatha, is fáilte i dtír!*

Ceanglaíodh an dara rópa den cheap feistithe agus tugadh an bád isteach le balla. An máistir ba thúisce i dtír. Chaith sé a mhála ar an gcéibh agus dhreap in airde ina dhiaidh. Sheas sé ansin, chrom lena mhála a thógáil,

dhírigh suas arís agus, gan breathnú amháin ar na gasúir, thosaigh ag siúl i dtreo an bhóthair. Ghlaigh an mháistreás as a ainm air. Mhaolaigh sé ar a choiscéim go ndearna grúscán cainte os íseal, agus choinnigh air arís, de choisíocht níos tréine an iarraidh seo.

Shín an mháistreás amach a lámh leis na hamhránaithe a stopadh. Ina nduine is ina nduine a stopadar gur fágadh aon reanglamán fada mí-ásach amháin ar nóta ard míbhinn. Le sonc uillinne a cuireadh ina thost é.

Labhair an mháistreás i gcogar, ach d'ardaigh sí a glór go gcloisfí ar fud na céibhe í. “Tinneas farraige atá ar an máistir,” ar sí, agus scoir sí an cór.

Ar bhóithrín na céibhe, d'imigh an máistir d'abhóga móra fada thar bheirt sheanáirí cromtha i lúb an chlaí agus píopa á chaitheamh acu. Chroch fear acu lámh air. “Táid ar fad ag fanacht leat thoir!” ar seisean, óir bhí an teach tábhairne oscailte luath ag Anraí in onóir na hócáide.

Bhí an sagart ag teacht anuas an bóithrín de choiscéim thréan dhiongbháilte nó go bhfaca sé an bád sa gcaladh agus gur cuireadh na clogairí glan as a chuimhne. Nuair a chonaic sé an máistir scoile ag teacht ina threo, las a aghaidh go sásta agus sheas sé go labhródh sé leis. “A Bheartla,” a dúirt sé, ach d'imigh an máistir thairis de ruid gan beannú dó agus fágadh an sagart ag breathnú go míchéatach ina dhiaidh.

Thuas ar an gcrosbhóthar, tháinig Máire an Phosta amach go gealgháireach roimh an máistir. Ach in áit forrán a chur ar an ainnirín óg, is amhlaidh a theann seisean isteach le colbha an bhóthair len í a sheachaint. Bhí sí ar thob é a leanacht nó go bhfaca sí an mháistreás ag teacht aníos ón gcéibh ina dhiaidh sna feire glinnte. Choinnigh an máistir air den tréanchoisíocht in aghaidh an aird, a cheann faoi aige agus é ag caint faoina fhiacra.

Chuir Máire cluas uirthi féin go gcloisfeadh sí an mhugailt chainte a bhí aige. “Tá deireadh le héigse,” a chuala sí. “Tá deireadh le héigse.”

Caibidil a Dó

Ní raibh duine ar an mBaile Beag a ngoilfeadh focal sin an mháistir scoile chomh mór air agus a ghoil ar Mháire, óir ba í an fhilíocht, agus gach ar ghabh léi, bun agus barr a saoil.

I dteach an phosta a d'fhás sí suas, agus is ann a chaitheadh sí an lá ag sealaíocht ar a hathair ar chúl an chuntair, áit a mbíodh bunriachtanais an phobail ar díol acu — plúr, siúcra, tae, tobac is snaoisín, snáth is snáthaidí, potaí is acraí tí; agus faoi Nollaig, úlla, oráistí agus rísíní. Is ann freisin a cheannaítí im agus uibheacha ó mhná na háite le díol sa mbaile mór.

Cé is moite d'fháinne pósta a máthar agus cúpla ball éadaigh léi, ba iad an dá leabhar mhóra an dá ní ba ghaire dá croí sa teach: mórleabhair faoi chumhdaigh chrua (mar a bhí acu le cuntas a choinneáil ar an bposta agus ar cheannachán an tsiopa) agus iad breactha le hamhráin, dánta agus sleachta beaga próis. I gceann amháin acu, ina chúram mar shirriam na cúirte, thógadh a hathair síos na hamhráin a roghnaítí don chúirt éigse i gCromadh gach bliain. I gceann eile, faoin teideal breá Bolg an tSoláthair, bhí na hamhráin a bhailigh sé sa gcomharsanacht, chomh maith le haistí staire is seanchais a thóg sé síos as leabhair eile, cúram a lig sé i léig ar bhás a mhná céile nuair a bhí Máire ina páiste. Le deireanas, is í Máire a scríobhadh síos

na hamhráin ó bhí an dea-pheannaireacht múinte ag a hathair di. Is sa leabhar sin a tógadh síos go leor d'fhillíocht an mháistir scoile.

Ach ní sna mórleabhair amháin a bhí an fhilíocht, óir is í a bhí i réim sa siopa nuair a bhíodh tae is siúcra á meá agus á gcur i málaí, nuair a bhíodh earraí á leagan amach ar an tseif, agus nuair a bhíodh an t-urlár leice á scuabadh agus an cuntar á sciúradh. Is beag dán ná amhrán sa gceantar nach raibh de ghlanmheabhair ag Máire, agus go deimhin, bhí corr-bhurdún cumtha aici féin agus curtha faoi bhráid na cúirte aici.

Mar sin, nuair a chuala sí caint sin an mháistir, ba dealg sa mbeo aici í. Sheas sí ag stánadh air agus é ag ardú an chnoic i dtreo na scoile, agus ansin ar an máistreás ag teacht de chrua-choisíocht ina dhiaidh agus a sciorta crochta thar a cosa fada tanaí aici — cé gur bheag an mhaith a bhí ann di mar nach ndearna an máistir ach géarú ar a shiúl. D'fhan Máire ag breathnú ina ndiaidh nó gur chuala sí coiscéimeanna ar a cúl.

An sagart a bhí ag teacht aníos an bóthar, a cheann faoi le teann saothair agus é ag dreapadh in aghaidh an aird. “A Bheartla?” a dúirt sé arís agus a cheann á ardú aige go bhfaca sé Máire ag stánadh air. “A chailín!” ar sé de gheit.

“A Athair?” ar sise.

“Feicim,” ar seisean go stadach, agus é chomh dearg le coileach francach. “Feicim ag siúl na mbóithre gan

chuideachta gan chomhlúadar thú! Nach bhfuil cleamhnas déanta ag d'athair duit?" ar sé, óir bhí Máire ag tarraingt ar bhliain is fiche tráth a raibh a comhaoisigh ar fad, beagnach, pósta nó geallta — í donnchiabhach, buíchraicneach, agus í dea-chumtha lena chois.

"Níl, a Athair."

"Agus céard é seo faoi Mháirtín Gabha?"

"Is é an chaoi a raibh mé féin is Máirtín ar scoil le chéile, a Athair," ar sí. "Sin an méid."

"Sin an méid, ab ea?" arsa an sagart agus strainc air.

Níor fhreagair Máire é.

Chas an sagart ar a sháil agus d'imigh.

D'iompaigh Máire i dtreo an tí. Ina seasamh ar an gcoirnéal agus soitheach stáin ina lámh aici, bhí Muireann Anraí, bean ard cuar-mhásach dea-chumtha, a folt fada fionn ceangailte le ribín ar bharr a cinn agus aoibh gheanúil gháire uirthi. Chroch sí an calán bainne amhail is go raibh sé á thairiscint do Mháire aici. Sméid Máire a ceann léi, agus d'imigh isteach abhaile.

Caibidil a Trí

Cáil na scéalaíochta atá ar mhuintir na gCrompán thiar, cáil na fídléireachta atá ar an dream le cladach thoir, ach is í an fhilíocht an caitheamh aimsire atá ag muintir an Bhaile Bhig. Mura gcloisfidís rann nó leathrann ach aon uair amháin thabharfaidís gach uile fhocal leo.

Fiú an stéibh d'amhrán a bhí á ghabháil ag an gcaiptín an mhaidin sin, agus é ag iarraidh an uile ní a chur ina áit dhílis féin sa mbád sula ngabhfaid sé i dtír, aon uair amháin a bhí sé cloiste aige. Ag cailín aimsire i mBaile Uí Bheacháin a chuala sé é an lá roimhe sin agus an mhóin á cur i dtír ar an gcéibh aige. Fonn Bhean an Fhir Rua a bhí aici leis agus is é a dúirt sí go mba é an t-amhrán ba nuai aneas as Cromadh é.

Ba ghearr á scaipeadh é.

I gcladach an Bhaile Bhig, thriomaigh fear agus mac curach ar thrá na céibhe agus, fad is a bhí a athair ag baint snaidhm as an dorú ar a ghlionda, bhuaile an mac faoi ar an duirling go n-éistfeadh sé le hamhrán an chaipitín. Nuair a bhí an dorú scaoilte, chrom an t-athair os cionn na curá agus thóg amach cléibhín ina raibh scór ronnach is acraí beaga eile, shín chuig an mac é agus dúirt leis é a thabhairt abhaile. As leis an scorach de rith.

Ar shráid an tí, chuir an scorach scaipeadh ar pháir gasúr a bhí ag iarraidh breith ar chearc. Isteach leis, leag

an cléibhín ar an mbord éadain, agus bhuaíl faoi ar an iarta go ndeachaigh ag gabháil fhoinn go ciúin dó féin. D'éirigh a mháthair ón turne, chuir sí stopallán éadaigh i mbuidéal bláthaí agus chuir sí an buidéal agus leathchaca i mála garbh gur shín chuig an gcailín ba shine é. Chuach an gearrchaile an mála lena hucht agus amach an doras léi agus í ag amhránaíocht in ard a cinn.

Suas an bóthar ard léi agus siar ar an bportach. Níor thúisce an t-arán ite ag a hathair, agus an bhláthach ólta, ná chroch seisean suas na cúpla stéibh a chuala sé ag a iníon, sular chrom sé ar an ngróigeadh arís — na fuiseoga ag fuiseogacht sna harda os a chionn.

Ar theacht abhaile do do chailín, bhí sean-Cháit suite ar cheap i mbéal an dorais roimpi, cearc á cleiteáil aici agus í ag gabháil an amhráin — bhí ceathrú eile curtha leis ó shin. Thug an cailín an chearc go teach an tsagairt agus, ar an teallach mór dea-fheistithe, chuir an mháistreás á róstadh í. Agus fad is a bhí pónairí is píseanna á nglanadh, fataí á mbruth, agus anlann á réiteach, bhí beirt is triúr de mhná an Bhaile Bhig isteach is amach aici.

An tríú bean a tháinig isteach, thug sise an t-amhrán léi óna fear a bhí ag carraeireacht sa mbaile thoir. Ó ghréasaí a fuair seisean an t-amhrán, agus mhaígh an gréasaí gur ag na síogaí a chuala seisean é. Ceathrú bhreise a bhí i leagan an ghréasaí.

Sa bparlús beag faoi bhinn thoir an tí, bhuaíl an sagart

a phortús anuas ar an mbord le teann cantail. Ní hé amháin go mb'éigean dó éisteacht le síordhrantánacht na mban ó tháinig sé isteach tráthnóna ach ní raibh an máistir scoile tagtha chun dinnéir, mar a bhí de nós aige gach uile thráthnóna Domhnaigh — ná leithscéal féin gafa aige leis. Ach níor mhair a mhíshásamh i bhfad. Leagadh sceanra airgid ar an scaraid bhán, lasadh coinnle, líonadh gloine seirí, tugadh pláta mór leathan isteach agus é ag cur thar maoil le sicín is glasraí is brúitín, agus faoin am a raibh braon den anlann te á dhoirteadh anuas ar na fataí, bhí an t-amhrán á chanadh amach os ard ag an sagart.

Gach uile véarsa de.

Áiméan.

Caibidil a Ceathair

Ní i dteach an tsagairt amháin a bhí an t-amhrán nua á cheiliúradh. Trátha an ama sin, le cuntar sa teach tábhairne, bhí na ceathrúna céanna á reic ag Ruaidí Pheada Ruaidí. Ós amhrán nua a bhí ann, bhí na cluasa bioraithe ag an mbeirt chustaiméirí eile a bhí istigh. Líon bean an tí trí thancard as cárt leanna agus nuair a chuaigh Ruaidí amú sa tríú véarsa, is í féin a thug an líne dó.

Chomh luath is a bhí deireadh ráite ag Ruaidí, chroch bleitheach mór fir a bhí ar chúl an chuntair a thóin dá shuíochán, agus d'éirigh ar a chosa gur líon an spás cúng lena thoirt. Thriomaigh sé a lámha leis an bhflainín agus thóg a chuid spéaclóirí as a gcás, óir nuair a bhíodh na spéaclóirí air níor thábhairneoir níos mó é ach breitheamh.

Ba é Anraí Ó hAllúráin breitheamh na cúirte ar an mBaile Beag. Is aige a bhí seilbh ar an seanbhata bachaille agus ar an hata béabhair. Is é a thionóladh na filí agus a dhéanadh maoirseacht ar an bplé ar dhánta agus ar amhráin, ar fhriotal, ar aicill, ar uaim agus ar chomhuaim, ar mheadaracht agus ar chomhardadh, ar rialacha na cúirte agus ar nithe tromchúiseacha eile mar iad. Go deimhin, murab é saoi na héigse é, ba é a theach is a thábhairne suí na cúirte éigse.

Ba go mífhoighdeach a chuireadh Muireann suas le

cúirt seo a fir. Cé gur Mairéad a baisteadh uirthi, agus gur Peige a thugtaí sa mbaile uirthi, níor tugadh mar ainm uirthi ó tháinig sí aniar as na Cromptáin le hAnraí a phósadh, agus ó cuireadh ag obair ar chúl an chuntair í, ach Muireann. Muireann Anraí. Go deimhin, bhí sé scríofa ar chárta crochta ar an mballa:

*Mo mhuirnse Muireann thar Muireannaibh áilne
críoch.*

*Is í Muireann go muirneach Muireann ag tál na dí.
Cé muirn le Muireann mo mhuirín chuig clár ag suí,
ní muirn le Muireann mo mhuirín gach tráth gan
díol.*

Agus cé nach raibh léamh ná scríobh aici, ba mhinic léi an scríbhinn dhubhfhoclach sin a chasaoid leis. Ach ní ligfeadh Anraí di lámh a leagan uirthi, óir le fírinne, níorbh aon duine d'fhilí an Bhaile Bhig a chum na focail a bhí grafa go cúramach i gcruinnscríobh dúghorm ar an gcárta buí órmhaisithe ach mórfhíle an deiscirt, Seán Ó Tuama an Ghrinn — leaba i measc na naomh dó — agus iad scríofa ina lámh féin leithchéad bliain roimhe sin, dá mba fhíor d'Anraí é.

Nuair a bhí a chuid spéaclóirí ar bhun na sróine ag Anraí, agus a scornach glanta chun cainte aige, chroch Muireann a malaí go baithis mar chomhartha ar an ngaois a bhí le teacht.

“Is é mo thuairim mheáite,” arsa an breitheamh, “nach bhfuil sé chomh maith le dán na bliana seo caite,” ar sé, agus é ag tagairt don dán a thug an chraobh leis ag Cúirt Éigse Chromadh an bhliain roimhe sin.

“Nach in é a dúirt tú anuraidh?” arsa fear amháin.

“Nach in é a deir tú chuile bhliain?” arsa an ceann eile.

“Aithris ceathrú as dán na bliana seo caite dom, más ea,” arsa an breitheamh go teann.

Rinne Ruaidí Pheada Ruaidí é sin go ríthoilteanach agus fuair éisteacht óna raibh ann.

“Anois!” arsa an breitheamh nuair a bhí ráite aige. “Sin filíocht ar fiú filíocht a thabhairt uirthi. Nach in é an cruthú daoibh! Cuirim geall nach mbeidh cuimhne i gceann bliana ar oiread is líne amháin as dán na bliana seo!”

“Sin é a dúirt tú faoin dán sin anuraidh!”

“Agus déarfaidh sé i gceann bliana é faoi dhán na bliana seo,” arsa Muireann go dána.

“Déarfaidh, agus an bhliain ina dhiaidh sin, muis!” arsa Ruaidí ina diaidh.

Gnúsacht a rinne an breitheamh leis sin. “An bhfaca aon duine an máistir scoile?” ar seisean.

Chroith Ruaidí a cheann.

Scaoil Muireann an ribín dá cuid gruaige agus lig anuas a folt fada fionn. Le seanbhlas, rinne sí gáire. “Chuala go bhfuil sé éirithe as an bhfilíocht,” ar sí. Chaith

sí a folt siar thar a gualainn ansin, chuir giodam ina cois, agus d'imigh léi siar sa gcistineach le freastal ar a hál.

D'fhéach Ruaidí go bogmheisciúil i ndiaidh a cúilín craobhach fionn.

“Seafóid,” arsa an breitheamh os ard, agus thug súil ghéar ar Ruaidí. “Bíonn tusa an-sciobtha ag taobhú léise i m'aghaidh!”

Dhúisigh Ruaidí as a thámhnéal. “Ná bac leis sin,” ar seisean go piachánach, “ach caith amach steancán chugam go beo mar a dhéanfadh fear maith. Tá mo scornach bhocht triomaithe agat orm!”

Bhain an breitheamh de na spéaclóirí, d'fhill agus leag ina gcás go cúramach iad, agus chrom arís ar ghnó an tábhairneora. Agus gloine á líonadh as an gcárt aige, rinne sé a mhachnamh os ard.

“Mar sin féin,” ar sé, “ní hiondúil leis gan bualadh isteach chugainn tar éis na cúirte.”